

An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

# An Scéim Thionscnaimh Ghaeilge

Scéim 2006-2009 faoi Alt 11
d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

Meitheamh 2006

Is féidir cóipeanna den doiciméad seo a fháil ó:

An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí,
94 Faiche Stiabhna,
Baile Átha Cliath 2.

Lóghlao: 1890 221 227
Teil: (01) 602 8202

Tá an doiciméad ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne *(www.justice.ie)* freisin.


Íomhá na lámhscríbhinne ar an gclúdach agus ar imeall na leathanach le caoinchead ó Leabharlann Bodley, Ollscoil Oxford, 2006, LS. Rawlinson B. 502 f. 63rb – cuid de leathanach ina dtugtar téacs ón lámhscríbhinn is sine atá againn ina bhfuil téacs dlí Gaeilge.

PRN. A6/0753

30-01 05/06 (1,000) Brunswick Press Teo. (16646)

Arna chlóbhualadh ar pháipéar athchúrsáilte

# Clár




Caibidil 1
**Réamhrá agus Cúlra** 2

Caibidil 2
**Scóip na Scéime** 7


Caibidil 3
**Ginearálta – Modhanna Cumarsáide leis an bPobal/ Faisnéis don Phobal** 9

Caibidil 4
**Cur leis na Seirbhísí atá le Soláthar go Dátheangach** 12

Caibidil 5
**Faireachán agus Athbhreithniú** 18

Caibidil 6
**An Scéim Chomhaontaithe a Phoibliú** 19

Foscríbhinn
**'Fáinne' na Roinne – Dearadh** 20



Caibidil 1

# Réamhrá agus Cúlra

Rinne an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí an scéim seo a ullmhú faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 (dá ngairtear "an tAcht" anseo ina dhiaidh seo).

Déantar socrú le hAlt 11 maidir le comhlachtaí poiblí d'ullmhú scéime reachtúla ina sonraítear na seirbhísí a sholáthróidh siad

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta atá le glacadh chun a chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach soláthraíonn an comhlacht trí mheán na Gaeilge a sholáthar amhlaidh laistigh de thréimhse ama chomhaontaithe.

## 1.1 Treoirlínte maidir le Scéim a Ullmhú

Déantar socrú le hAlt 12 den Acht maidir leis an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta d'ullmhú treoirlínte agus maidir lena n-eisiúint chuig comhlachtaí poiblí chun cuidiú le dréachtscéimeanna a ullmhú. Rinneadh an scéim seo a tharraingt suas ag féachaint go cuí do na treoirlínte sin.


D'fhoilsigh an Roinn fógra, i nGaeilge agus i mBéarla, faoi Alt 13 den Acht an 20 Iúil, 2005, inar iarradh uiríll i ndáil le hullmhú na dréachtscéime faoi Alt 11 ó aon pháirtithe leasmhara. Fuarthas 7 n-aighneacht, agus tá siadsan go léir ar fáil le breathnú orthu ar láithreán gréasáin na Roinne *www.justice.ie*. Eisíodh fógra freisin chuig foireann uile na Roinne ag lorg aighneachtaí. Is mór ag an Roinn an t-am agus an dua a chaith na daoine agus na comhlachtaí go léir a rinne aighneachtaí.

Rinneadh na haighneachtaí sin, mar aon le tuairimí agus moltaí a chuir baill fhoirne sa Roinn agus sna Comhlachtaí Comhbhainteacha a áirítear sa scéim ar aghaidh, a chur san áireamh le linn an scéim a dhréachtú.

## 1.2 Ábhar na Scéime Teanga

Chuidigh baill fhoirne/oifigigh ón Roinn agus ó na Comhlachtaí Comhbhainteacha a chlúdaíonn an scéim le dréachtú na scéime. Beidh an bhainistíocht shinsearach

laistigh den Roinn seo freagrach as faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim.



Tógann an scéim ar sheirbhísí atá ar fáil faoi láthair trí Ghaeilge sa Roinn agus sna Comhlachtaí Comhbhainteacha. Déantar réimsí ina gcuirfear sa todhchaí leis an tseirbhís a sholáthraíonn an Roinn agus na Comhlachtaí Comhbhainteacha a aithint i gcorp na scéime.

Áirítear sa scéim, freisin, gealltanas chun leibhéal agus cineál an éilimh ar sheirbhísí trí Ghaeilge a mheasúnú ar bhonn leanúnach agus chun a chinntiú go leanfaidh an Roinn uirthi ag freastal ar an éileamh sin ar bhealach pleanáilte, comhleanúnach agus inrochtana. Leanfaidh an Roinn uirthi ag tomhas chineál agus leibhéal an éilimh ar a seirbhísí i nGaeilge trí iniúchtaí rialta, ina gcuirfear cúrsaí ama san áireamh, a sheoladh trí chóras ina ndéanfar cineál agus leibhéal na gceisteanna/na n-iarrataí ar sheirbhísí trí Ghaeilge i dtréimhse áirithe a mheasúnú/a thomhas.

## 1.3 Dáta Thosach Feidhme na Scéime

Tá an scéim daingnithe ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Tosóidh sí le héifeacht ón 30 Meitheamh, 2006, agus leanfaidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana ón dáta sin nó go dtí go ndéanfaidh an tAire sin scéim nua a dhaingniú de bhun Alt 15 den Acht, cibé acu is túisce.

## 1.4 Forléargas ar an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

### 1.4.1 Ráiteas Misin


An tslándáil phobail a chothabháil agus cur léi, mar aon le sochaí chothrom a chur chun cinn, trí réimse beartas agus seirbhísí ardchaighdeáin a bheidh mar bhonn leis na nithe seo a leanas a fhorbairt:

- cosaint agus dearbhú ceart daonna agus saoirsí bunúsacha a bheidh comhleanúnach leis an maitheas phoiblí;
- slándáil an Stáit;
- cur chuige éifeachtach cothrom chun dul i ngleic leis an gcoireacht; agus
- dul chun cinn i dtreo deireadh a chur leis an idirdhealú, comhionannas deiseanna agus an chaoinfhulaingt a chur chun cinn.

### 1.4.2 Luachanna

Treoraíonn na croíluachanna seo a leanas sinn agus sinn ag cur lenár ráiteas misin. Féachaimid le:

- rochtain ar an gceartas a chinntiú;
- caighdeáin chothroma chomhionanna i dtaca leis an tslí a gcaitear le daoine a fheidhmiú i leith gach grúpa sa tsochaí;



- cuntasacht a léiriú i leith ár ngníomhartha;
- cúirtéis, ionracas agus oscailteacht a thaispeáint inár ndéileálacha;
- seirbhísí den scoth a sholáthar don phobal; agus
- meas a bheith againn ar an duine aonair.

### 1.4.3 Sainordú

Tá ár sainordú – gnó na Roinne – fadréimseach coimpléascach agus déantar a theorainneacha a leagan amach le Cláir agus Straitéisí ardleibhéil lena n-áirítear an Clár Comhaontaithe Rialtais, an Plean Forbartha Náisiúnta (PFN), Dul Chun Cinn a Chothú, an Straitéis Náisiúnta in aghaidh na Bochtaineachta agus an Straitéis Náisiúnta Drugaí.

Áirítear ar na príomhréimsí freagrachta atá againn:

- Beartas an Rialtais i leith na coireachta agus athchóiriú an dlí sa réimse sin a chur i ngníomh;
- Comhairle bheartais a chur ar fáil i ndáil leis an gcóras ceartais choiriúil agus tacaíocht a thabhairt d'oibriú an chórais sin;
- An beartas náisiúnta inimirce a fhorbairt tuilleadh agus straitéis tearmainn an Rialtais a chur i ngníomh;
- Beartais chun sochaí chothrom, chaoinfhulangach agus chomhbhách a fhorbairt agus a chur i ngníomh;
- Ár gcion a dhéanamh ag tógáil sochaí shábháilte shíochánta; agus
- Athchóiriú leanúnach ar réimsí den dlí sibhialta.

### 1.4.4 Custaiméirí agus Cliaint


Bíonn tionchar ag obair na Roinne ar shraith fhairsing pobal agus daoine agus tá bonn leathan custaiméirí aici dá réir sin, m.sh.,

- An Pobal (náisiúnta agus idirnáisiúnta) i gCoitinne;
- Comhlachtaí Rialtais;
- Eagraíochtaí Neamh-Rialtasacha;
- Ionadaithe Poiblí;
- Grúpaí Pobail/Saorálacha;
- Gairm an Dlí; agus
- Na Meáin Chumarsáide.

### 1.4.5 Réimsí Feidhme na Roinne

Tá struchtúr na Roinne bunaithe timpeall ar dheich réimse. Tá Rannán amháin nó níos mó i ngach réimse agus tá comhalta den Choiste Comhairleach Bainistíochta i gceannas ar gach réimse:

- Coireacht, Slándáil agus Tuaisceart Éireann, Cúnamh Frithpháirteach agus Eiseachadadh;
- An Garda Síochána;



- Príosúin agus Beartas Promhaidh agus Leasa;
- Athchóiriú an Dlí Choiriúil agus Cearta Daonna;
- Athchóiriú an Dlí Shibhialta, Beartas na gCúirteanna, Comhionannas agus Míchumas;
- Cúrsaí AE/Idirnáisiúnta;
- Tearmann, Inimirce agus Saoránacht;
- Ceartas Óige;
- Pearsanra, Seirbhísí Corparáideacha, Forbairt Eagraíochta, Forbairt Bheartas, Airgeadas agus TF; agus
- An Áisíneacht Fháilte agus Comhtháite.

Tá os cionn 20 Comhlacht Comhbhainteach san Earnáil Cheartais agus Chomhionannais anois, agus a fheidhmeanna riaracháin, rialaitheacha nó oibríochta sonracha féin ag gach comhlacht díobh.

## 1.5 A mhéid atá seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge cheana féin a mheasúnú


Is é príomhchuspóir an Achta a chinntiú go mbeidh fáil níos fearr ar sheirbhísí poiblí trí Ghaeilge agus go mbeidís-sean ar chaighdeán níos airde. D'ainneoin raon leathan a réimsí feidhme, go ginearálta ní sholáthraíonn an Roinn seirbhísí go díreach don phobal ach i roinnt réimsí sonracha.

I láthair na huaire, cuireann an Roinn líon teoranta seirbhísí ar fáil go dátheangach. Tá foilseacháin chorparáideacha na Roinne – Ráiteas Straitéise, Tuarascáil Bhliantúil, Cairt an Chustaiméara, doiciméid bheartais agus roinnt Ionstraimí Reachtúla – ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla. Tá páipéar ceannteidil na Roinne, cuid dá foirmeacha, dá príomhchomharthaíocht agus dá fógraí réamhthaifeadta teileafóin ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla. Ag brath ar a gcineál agus ar an spriocluchtléite, cuireann an Roinn cuid dá fógráin phreasa i nGaeilge agus i mBéarla. Ina theannta sin, tá beartas á oibriú ag an Roinn le fada maidir le hiarracht a dhéanamh ar chomhfhreagras a fhreagairt sa teanga (Gaeilge nó Béarla) a úsáidtear sa chomhfhreagras a fhaightear.

Is ceart a thabhairt do d'aire go bhfuil mór-athfhorbairt á déanamh ag an Roinn faoi láthair ar a láithreán gréasáin. Baineann iliomad fheidhmeanna na Roinne a aithint, d'fhonn a ndéanaimid a athchur i láthair an phobail i gcoitinne, le cuid den phróiseas sin. Ceann de na seachthorthaí a bheidh ar an bpróiseas sin ná seirbhísí a sholáthraítear don phobal i gcoitinne, is seirbhísí nach bhfuil ar fáil faoi láthair ach trí Bhéarla nó trí Ghaeilge agus Béarla, a aithint. A luaithe a bheidh an próiseas sin curtha i gcrích, is í aidhm na Roinne leibhéal na seirbhísí a sholáthraítear don phobal i gcoitinne trí Ghaeilge agus Béarla a mhéadú.

## 1.6 Rialacha Cúirte

I gcomhthráth lenár láithreán gréasáin a athfhorbairt, bhí an Roinn i mbun



olltionscadail leanúnaigh Gaeilge. Ó Fheabhra 2003 i leith, tá aistritheoir fostaithe ag an Roinn, ar iasacht ó Thithe an Oireachtais, go príomha chun aistriúcháin a dhéanamh ar na Rialacha Cúirte agus chun a n-aistriú a mhaoirsiú. Tugadh tús áite d'aistriú na Rialacha Cúirte Dúiche, 1997, agus foilsíodh an t-aistriúchán Gaeilge ar an doiciméad 1,200 leathanach sin i Nollaig 2004. Na foirmeacha a theastaíonn le haghaidh ghnó na Cúirte Dúiche atá sa chuid is mó den doiciméad. Tugtar léas nua beatha do líon mór téarmaí dlí san aistriúchán ar na Rialacha sin. Ina theannta sin, gabhann innéacs 50 leathanach, ar stórchiste atá ann de na téarmaí dlí Gaeilge a úsáidtear, leis na Rialacha. Tá na Rialacha sin ar fáil ar láithreán gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna, *www.courts.ie*.


Déanann an t-aistriúchán sin an caighdeán a leagan síos ní amháin d'aistriú an 50 leasú nó mar sin atá déanta ar Rialacha 1997 go nuige seo – agus tá na haistriúcháin sin á gclóbhualadh de réir a chéile – ach, freisin, d'aistriú na Rialacha Cúirte Cuarda, 2001, ar cuireadh tús leis ar na mallaibh, mar aon leis na leasuithe ar na Rialacha sin go nuige seo. Tá clóbhualadh an aistriúcháin Gaeilge ar na foirmeacha atá i Rialacha na nUaschúirteanna, 1986, faoi lánseol, freisin, agus tá beartaithe an t-aistriúchán ar na Rialacha sin a fhoilsiú laistigh de thréimhse na scéime seo.

Rinneadh Ionstraimí Reachtúla eile a bhaineann leis na Gardaí, Príosúnaigh, Cróinéirí, Scannáin/Físeáin agus Ceantair Ghiúiré a aistriú le míonna beaga anuas freisin. Thairis sin, chuidigh an Roinn go mór leis an gCoiste Idir-rannach ar Aistriú Ionstraimí Reachtúla, faoi chathaoirleacht na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

## 1.7 Sanasán

Rinne aistritheoir na Roinne gluais de théarmaí a bhaineann leis an Roinn go ginearálta a chur i dtoll a chéile freisin. Tá beartaithe é sin a bheith ar fáil d'fhoireann na Roinne nuair a thiocfaidh an scéim i bhfeidhm nó laistigh de mhí ó sheoladh láithreán gréasáin nua na Roinne, cibé dáta acusan is déanaí. Thosaigh an sanasán amach ó aistriúcháin ar theidil, téacsanna gairide, comhfhreagras, téarmaí, srl., a lorg Rannáin éagsúla sa Roinn, nó comhlachtaí nó gníomhaireachtaí atá comhbhainteach leis an Roinn, le 18 míonna anuas agus rinneadh teidil oifigiúla Ghaeilge de dhoiciméid a foilsíodh le blianta beaga anuas, agus a bhaineann go ginearálta leis an Roinn, a chur leis. Tá beartaithe go leanfar ag tógáil ar an sanasán sin agus go gcuirfear ar fáil don phobal i gcoitinne é ar láithreán gréasáin na Roinne.

Tá an sanasán ceaptha freisin le haghaidh aistritheoirí neamhspleácha a bheidh ag soláthar aistriúchán don Roinn. Samhlaítear go gcuideoidh an sanasán le leanúnachas agus luas i dtaca le haistriúcháin. Cuireadh dréacht den sanasán ar fáil don chuideachta a d'aistrigh Tuarascáil Bhliantúil 2004 ón Roinn, mar shampla.



## Caibidil 2

# Scóip na Scéime

Mar chomhlacht poiblí atá liostaithe sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht, iarradh ar an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí scéim a ullmhú faoin Acht. Cé nach raibh dualgas uirthi déanamh amhlaidh, go gairid tar éis di an iarraidh sin a fháil, rinne an Roinn cinneadh 5 cinn den 20 Comhlacht Comhbhainteach san Earnáil Cheartais agus Chomhionannais a liostaítear sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht a áireamh ina scéim. Is iad seo thíos na 5 Chomhlacht Chomhbhainteacha a roghnaíodh:

- Oifig Scrúdóir Oifigiúil na Scannán
- An Bord Achomhairc um Scrúdóireacht Scannán
- An Bord um Chinsireacht Foilseachán
- An Bord Achomhairc um Chinsireacht Foilseachán
- An Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla

Roghnaíodh na comhlachtaí sin ar 2 chúis. Ar an gcéad dul síos, tá líon réasúnta beag foirne ag gach ceann díobh agus, ar an dara dul síos, de bharr na bainte atá ag a gcuid oibre leis an bpobal i gcoitinne.


I dteannta na n-eagraíochtaí atá liostaithe thuas, cé nach bhfuil sí liostaithe mar Chomhlacht Poiblí faoin Acht, chinn an Roinn an eagraíocht seo a leanas a áireamh mar chuid dá scéim:

- An Chomhairle Náisiúnta um Choireacht

Chinn an Roinn, freisin, an dá eagraíocht ardspeisialaithe seo a leanas, ar eagraíochtaí iadsan freisin nach bhfuil liostaithe mar Chomhlachtaí Poiblí faoin Acht, a áireamh mar chuid dá scéim:

- An tSaotharlann Dlí-Eolaíochta
- An tSeirbhís Paiteolaíochta Stáit

I 2005 rinne an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí bunú Sheirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann (SEIÉ) a fhógairt. Is ceart a thabhairt do d'aire nach gclúdaíonn an scéim seo SEIÉ.



## 2.1 Feidhmeanna na gComhlachtaí Comhbhainteacha a áirítear sa Scéim

| Comhlacht Comhbhainteach | Feidhm |
|---|---|
| Oifig Scrúdóir Oifigiúil na Scannán | Scannáin, físeáin agus dioscaí digiteacha ilúsáide a aicmiú agus a dheimhniú |
| An Bord Achomhairc um Scrúdóireacht Scannán | Breithniú a dhéanamh ar achomhairc ó dhaoine arb éagóir leo cinntí an Scrúdóra Oifigiúil |
| An Bord um Chinsireacht Foilseachán | Cinneadh a dhéanamh ar cheart Orduithe Toirmisc a dhéanamh i leith leabhar agus tréimhseachán a tharchuirtear chuige lena scrúdú |
| An Bord Achomhairc um Chinsireacht Foilseachán | Breithniú a dhéanamh ar achomhairc a bhaineann le hOrduithe Toirmisc arna ndéanamh ag an mBord um Chinsireacht Foilseachán |
| An Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla | An Scéim Chúitimh i leith Díobhálacha Pearsanta a Dhéantar go Coiriúil a riar |
| An tSaotharlann Dlí-Eolaíochta | Seirbhís anailíse eolaíochta a sholáthar don Gharda Síochána |
| An tSeirbhís Paiteolaíochta Stáit | Uatóipsí dlí-liachta a sheoladh nuair atá spéis ag an Stát sa trúig bháis |
| An Chomhairle Náisiúnta um Choireacht | Plé feasach, le bonn leathan faoi, a éascú ar shaincheisteanna coireachta agus cuidiú le beartas a cheapadh |


## 2.2 Seirbhísí a Sholáthar don Phobal i gCoitinne

Mar a luadh i gCaibidil 1, is ceart a thabhairt do d'aire nach ndéanann an Roinn, go ginearálta, seirbhísí a sholáthar go díreach don phobal. Tá comhlachtaí ar nós an Gharda Síochána, Chlárlann na Talún, na Seirbhíse Cúirteanna agus Sheirbhís Phríosúin na hÉireann freagrach go ginearálta as seirbhísí a sheachadadh laistigh den chreat beartais atá leagtha síos ag an Roinn. Tá gach ceann de na comhlachtaí sin, mar aon le 16 chomhlacht eile san Earnáil Cheartais agus Chomhionannais, liostaithe mar Chomhlacht Poiblí sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht agus é freagrach as scéim ar leithligh a ullmhú. I dtaca leis sin de, is ceart a thabhairt do d'aire go raibh an tSeirbhís Chúirteanna ar cheann de na chéad chomhlachtaí poiblí a d'fhoilsigh scéim faoin Acht.

Mar a luadh thuas, tá líon réasúnta beag foirne ag gach ceann de na 8 gComhlacht Chomhbhainteacha a áirítear i scéim na Roinne agus is sainbhaill fhoirne iad i roinnt cásanna. Is ceart é sin a chur i gcuntas maidir le hionchais faoin scéim ó na 8 gcomhlacht lena mbaineann.

Caibidil 3

# Ginearálta – Modhanna Cumarsáide leis an bPobal/ Faisnéis don Phobal



## 3.1 Comhfhreagras

I dteannta leanúint orthu ag comhlíonadh oibleagáid dhlíthiúil comhfhreagras a fhaightear i nGaeilge a fhreagairt i nGaeilge, déanfaidh an Roinn agus na Comhlachtaí Comhbhainteacha comhfhreagras a thionscnamh i nGaeilge le daoine nó comhlachtaí arb eol gur fearr leo comhfhreagras i nGaeilge. Ordófar don fhoireann taifead ar na daoine nó na comhlachtaí sin a choimeád d'fhonn an gealltanas sin a chomhlíonadh. Cuideoidh an sanasán téarmaí ar tagraíodh di níos luaithe chun cur leis an ngealltanas sin. (**laistigh de mhí ó láithreán gréasáin nua na Roinne a sheoladh nó ó thosach feidhme na scéime, cibé dáta acusan is déanaí**)


## 3.2 Ríomhphost

Beidh teachtaireachtaí caighdeánacha ar an gcóras ríomhphoist, ar nós séanta freagrachta, i nGaeilge agus i mBéarla. (**laistigh de 3 mhí ó thosach feidhme na scéime**)

## 3.3 Bileoga Faisnéise/Foirmeacha Iarratais/Póstaeir

Déanann an Roinn agus na Comhlachtaí Comhbhainteacha roinnt bileog, póstaer agus foirmeacha iarratais a chur amach le haghaidh daoine den phobal i gcoitinne. Cuirfear gach doiciméad nua den sórt sin ar fáil i bhformáid dhátheangach ach amháin i gcás foirmeacha móra mionsonraithe de chineál teicniúil agus bileoga, póstaeir agus foirmeacha iarratais de shainchineál nó de chineál teicniúil nach bhfuil aon éileamh ar leaganacha díobh sa dá theanga oifigiúla. Ar bhonn cáis i ndiaidh cáis, déanfar cinntí an ndéanfar leaganacha dátheangacha de na doiciméid nua sin a chur ar fáil laistigh den aon chlúdach amháin. (**faoi dheireadh na scéime**)

Ina theannta sin, cuirfidh an Roinn agus na Comhlachtaí Comhbhainteacha tús leis an bpróiseas maidir le gach ábhar den sórt sin atá ann, agus a bhfuil úsáid á baint as i gcónaí, a aistriú de réir a chéile, d'fhonn an t-ábhar sin a chur ar fáil i bhformáid dhátheangach. Ar bhonn cáis i ndiaidh cáis, déanfar cinntí an gcuirfear ar fáil iad laistigh den aon chlúdach amháin. (**faoi lár bhliain 2 den scéim**)



## 3.4 Óráidí

Déanfar óráidí nó ráitis, lena n-áirítear óráidí nó ráitis i dTithe an Oireachtais, le hAirí, nó óráidí le hoifigigh shinsearacha, a chur ar fáil sa teanga/sna teangacha inar tugadh iad. **(ó thosach feidhme na scéime)**

## 3.5 Foilseacháin Eile

Déanann an Roinn agus na Comhlachtaí Comhbhainteacha raon leathan foilseachán a chur amach. Gabhann an Roinn agus na Comhlachtaí Comhbhainteacha orthu féin leaganacha dátheangacha a chur ar fáil de chroífhoilseacháin. Ar bhonn cáis i ndiaidh cáis, déanfar cinntí an gcuirfear ar fáil iad laistigh den aon chlúdach amháin. In imthosca ina ndéantar leagan Béarla ar leithligh agus leagan Gaeilge ar leithligh a chur amach, beidh ráiteas i ngach ceann acu go bhfuil leagan ar fáil sa teanga eile. Níl rún ag an Roinn ná ag na Comhlachtaí Comhbhainteacha doiciméid mhóra, ar doiciméid de chineál teicniúil iad nó nach léitear go fairsing, a aistriú. **(laistigh de 3 mhí ó thosach feidhme na scéime)**

## 3.6 Fógraí béil/Cumarsáidí teileafóin leis an bpobal

Freagróidh Oibritheoirí Lasc-chláir na Roinne agus na gComhlachtaí Comhbhainteacha an fón trí ainm na Roinne/an Chomhlachta a lua i nGaeilge agus i mBéarla. **(ó thosach feidhme na scéime)**

Déanfar liosta de bhaill fhoirne ar féidir leo seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge a chur ar fáil don fhoireann lasc-chláir. **(ó thosach feidhme na scéime)**


Cuirfear socruithe cuí ar bun ionas gur féidir leis an bhfoireann lasc-chláir daoine den phobal i gcoitinne a chur i dteagmháil, gan mhoill, le cibé oifig nó oifigeach atá freagrach as an tseirbhís a bheidh ag teastáil a thairiscint trí Ghaeilge. **(laistigh de 3 mhí ó thosach feidhme na scéime)**

Cuirfear treoir ar fáil don fhoireann maidir le glaonna gutháin a láimhseáil ó dhaoine den phobal i gcoitinne ar daoine iad a labhraíonn Gaeilge. **(laistigh de 3 mhí ó thosach feidhme na scéime)**

Is é beartas na Roinne oibriú i dtreo a chinntiú gur i nGaeilge, nó i mBéarla agus Gaeilge, a bheidh gach fógra béil réamhthaifeadta dár gcustaiméirí. Bainfear amach an sprioc sin faoi dheireadh na scéime reatha, i.e. deireadh Mheitheamh 2009. Féadfaidh baill fhoirne aonair teachtaireachtaí a fhágáil i nGaeilge nó i mBéarla nó sa dá theanga, áfach. **(faoi dheireadh na scéime)**


## 3.7 Áiseanna Fáiltithe

Déanfar liosta de bhaill fhoirne ar féidir leo seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge a chur ar fáil don fhoireann fháiltithe sa Roinn agus sna Comhlachtaí Comhbhainteacha. **(ó thosach feidhme na scéime)**



Cuirfear socruithe cuí ar bun ionas gur féidir leis an bhfoireann Fháiltithe sa Roinn agus sna Comhlachtaí Comhbhainteacha daoine den phobal i gcoitinne a chur i dteagmháil, gan mhoill, le cibé oifig nó oifigeach atá freagrach as an tseirbhís a bheidh ag teastáil a thairiscint trí Ghaeilge. **(laistigh de 3 mhí ó thosach feidhme na scéime)**

Cuirfear treoir ar fáil don fhoireann Fháiltithe sa Roinn agus sna Comhlachtaí Comhbhainteacha maidir le déileáil le cuairteoirí ar daoine den phobal i gcoitinne iad a labhraíonn Gaeilge. **(laistigh de 3 mhí ó thosach feidhme na scéime)**



Caibidil 4

# Cur leis na Seirbhísí atá le Soláthar go Dátheangach

## 4.1 Seirbhísí nach bhfuil ar fáil i nGaeilge


Sa scéim seo, a scéim thionscnaimh, beidh príomhfhócas na Roinne ar raon na modhanna scríofa agus leictreonacha cumarsáide a bheidh ar fáil go dátheangach a fhorbairt de réir a chéile agus ar inniúlacht a fhorbairt i measc a foirne chun seachadadh seirbhíse idirphearsanta Gaeilge ar leibhéal ginearálta a éascú. Go praiticiúil, ciallaíonn sé sin, cé go mbeidh an Roinn in ann faisnéis ghinearálta faoin Roinn agus faoina seirbhísí foriomlána a chur ar fáil trí Ghaeilge, go bhféadfaidh sé nach mbeidh an Roinn in ann gnó seirbhíse mionsonraithe, nó gnó atá sainiúil do chlár, a sheoladh trí Ghaeilge i gcónaí. Ina theannta sin, mar gheall ar an líon foirne réasúnta beag atá fostaithe acu, mar aon le sainchineál na hoibre a dhéanann siad, is dócha go bhféadfaidh sé gur deacra fós do na 8 gComhlacht Chomhbhainteacha a áirítear sa scéim gnó seirbhíse mionsonraithe, nó gnó atá sainiúil do chlár, a sheoladh trí Ghaeilge.

## 4.2 Tiomantas ginearálta d'fhorbairt seirbhíse Gaeilge

Tá an Roinn tiomanta d'fhorbairt scileanna Gaeilge a spreagadh thar gach réimse den Roinn d'fhonn forbairt fhorásach seirbhíse don chustaiméir i nGaeilge, ar seirbhís ardchaighdeáin duine le duine í, a éascú chun freastal ar an éileamh ar sheirbhísí den sórt sin.

Tá an Roinn, áfach, ar roinnt bealaí, ag tosú ó bhonn réasúnta íseal i dtéarmaí inniúlacht seirbhíse Gaeilge scríofa agus idirphearsanta araon. Cé gur saincheist chostais agus ama go príomha atá i gcumarsáidí scríofa a chur ar fáil i bhformáid dhátheangach, meastar go bhfuil forbairt scileanna Gaeilge ag an bhfoireann chun seachadadh seirbhíse idirphearsanta ó lá go lá a éascú i bhfad níos deacra. Tá an Roinn in ann leibhéal áirithe seirbhísí idirphearsanta Gaeilge a chur ar fáil bunaithe ar na scileanna Gaeilge atá ar fáil faoi láthair. Tógfaidh sé cuid mhaith ama agus saothair, áfach, chun méadú a dhéanamh ar an gcroíghrúpa foirne réasúnta beag a bhfuil dóthain cumais Gaeilge agus muiníne acu chun seirbhísí Gaeilge a sheachadadh ar leibhéal idirphearsanta.

Déanfaidh an t-éileamh iarbhír ar na seirbhísí idirphearsanta sin agus, go hionchasach, gluaiseacht fhoirne isteach sa Roinn agus amach as an Roinn de thoradh Chlár Díláraithe an Rialtais difear don mhéid is féidir na seirbhísí sin a fhorbairt, freisin. Go deimhin, beidh tionchar ag na saincheisteanna a tarraingíodh anuas thuas ar chumas na Roinne agus na gComhlachtaí Comhbhainteacha na



haidhmeanna atá leagtha amach sa scéim seo a bhaint amach agus déanfaidh (a) seirbhísí creidiúnaithe aistriúcháin, mar aon le (b) foireann leis na scileanna riachtanacha Gaeilge, a bheith ar fáil go tráthúil teorainneacha an chumais sin a leagan amach.

## 4.3 Ag feabhsú chumas Gaeilge na Roinne agus na gComhlachtaí Comhbhainteacha

Rinneadh na gealltanais agus na tosaíochtaí seo a leanas a aithint d'fhonn an cuspóir a bhaint amach maidir le cumas Gaeilge na Roinne agus na gComhlachtaí Comhbhainteacha a fheabhsú agus bonn fónta a sholáthar le haghaidh forbairtí sa todhchaí.

## 4.4 Foireann

### 4.4.1 Iniúchadh

Déanfaidh an Roinn agus na Comhlachtaí Comhbhainteacha iniúchadh chun dáta, d'fhonn na baill fhoirne sin ar mian leo baint ghníomhach a bheith acu le seirbhísí a thairiscint trí Ghaeilge, agus a bhfuil na cumais Ghaeilge is gá chuige sin acu, a aithint. **(faoi thosach feidhme na scéime)**

### 4.4.2 Liostaí de Bhaill Fhoirne ar féidir leo seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge

Déanfar liostaí de bhaill fhoirne a bheidh ar fáil chun seirbhísí trí Ghaeilge a sholáthar a chur ar fáil do na hOibritheoirí Lasc-chláir agus don fhoireann Fháiltithe sa Roinn agus sna Comhlachtaí Comhbhainteacha. Beidh rochtain, freisin, ag baill fhoirne sa Roinn agus sna Comhlachtaí Comhbhainteacha ar liosta a n-eagraíochta. **(ó thosach feidhme na scéime)**


### 4.4.3 Oiliúint ⁊ Forbairt

Bunaithe ar thorthaí an iniúchta foirne, freastalóidh an Roinn ar aon riachtanais oiliúna a aithneofar, laistigh de chomhthéacs Straitéis Oiliúna agus Fhorbartha na Roinne. Spreagfar an fhoireann chun páirt a ghlacadh in oiliúint arna soláthar ag Gaeleagras. **(faoi dheireadh bhliain 1 den scéim)**

Áireoidh an Roinn agus na Comhlachtaí Comhbhainteacha feasacht teanga mar chuid den ionduchtú agus d'oiliúint seirbhíse don chustaiméir araon d'fhonn a chinntiú go dtuigfidh an fhoireann (a) cén fáth a bhfuil beartas dátheangach á chur i ngníomh, (b) comhthéacs agus cúlra an bheartais agus (c) cén tslí a ndéanfaidh an beartas difear dá gcuid oibre. **(tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis thosach feidhme na scéime)**

### 4.4.4 Beartas Earcaíochta

Bunaithe ar thorthaí an iniúchta foirne, cuirfear na bearta seo a leanas ar bun chun a chinntiú go ndéanfar líon leordhóthanach foirne le hinniúlacht sa Ghaeilge



a earcú agus a choimeád laistigh den Roinn d'fhonn forálacha an Achta a chomhlíonadh:

- Mar chuid dá beartas earcaíochta, féachfaidh an Roinn, i gcomhar leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, le líon foirne atá inniúil sa Ghaeilge a earcú chun freastal ar riachtanais na Roinne*; **(faoi dheireadh bhliain 1 den scéim)** agus
- Déanfar suíomh cuí ball foirne a bhfuil an inniúlacht sin acu a chur i ngníomh ar fud na Roinne. **(faoi dheireadh na scéime)**

Beidh de bheartas ag an Roinn, nuair a bheidh Oibritheoirí Lasc-chláir ó lasmuigh á bhfostú aici ar bhonn conartha ó thríú páirtí, a iarraidh go mbeadh máistreacht áirithe ar an nGaeilge ag na hoibritheoirí. Cuirfear an beartas sin i ngníomh ar an mbonn nach mbeidh drochéifeacht aige ar leibhéal ná ar chaighdeán na seirbhísí atá á gcur ar fáil faoi láthair. Ina theannta sin, is ceart a thabhairt do d'aire, mar a luaitear i gCaibidil 3 thuas, go gcuirfear oiliúint ar fáil d'Oibritheoirí láithreacha Lasc-chláir na Roinne agus na gComhlachtaí Comhbhainteacha i leith déileáil le glaonna Gaeilge. **(ó dheireadh an chonartha reatha d'Oibritheoirí Lasc-chláir)**

## 4.5 Acmhainní Teanga

Beidh rochtain éasca ag an bhfoireann go léir ar fhaisnéis agus acmhainní teanga, m.sh., treoirlínte, beartais, logainmneacha, foclóirí, sanasán, téipeanna, srl. **(laistigh de 3 mhí ó thosach feidhme na scéime)**

## 4.6 Beartas i leith Cruinnithe Poiblí

Is i mBéarla amháin a sheolann an Roinn an chuid is mó dá cruinnithe poiblí. Beidh de bheartas ag an Roinn, áfach, nuair is gá é nó nuair a iarrtar sin uirthi, go ndéanfar foireann atá inniúil sa Ghaeilge a chur ar fáil le haghaidh cruinnithe i limistéir Ghaeltachta nó nuair a bheifear ag déileáil le saincheisteanna Gaeltachta. **(laistigh de 6 mhí ó thosach feidhme na scéime)**


Is i mBéarla amháin a sheolann na Comhlachtaí Comhbhainteacha an chuid is mó dá gcruinnithe poiblí. Beidh de bheartas ag na Comhlachtaí Comhbhainteacha, áfach, nuair is gá é nó nuair a iarrtar sin orthu, go ndéanfar foireann atá inniúil sa Ghaeilge, nó seirbhísí ateangaire, a chur ar fáil le haghaidh cruinnithe i limistéir Ghaeltachta nó nuair a bheifear ag déileáil le saincheisteanna Gaeltachta. **(faoi dheireadh na scéime)**

D'fhonn aithint éasca a éascú, tá beartaithe ag an Roinn 'fáinne' Roinne (féachan Iarscríbhinn) a eisiúint chuig gach ball de na baill sin den fhoireann ar mian leo

---

* Maidir leis na Comhlachtaí Comhbhainteacha a chlúdaíonn an scéim seo, cuirfear an beartas seo i ngníomh ar an mbonn nach mbeidh drochéifeacht aige ar leibhéal ná ar chaighdeán na seirbhísí atá á soláthar faoi láthair.

baint ghníomhach a bheith acu le seirbhísí a thairiscint trí Ghaeilge, agus a bhfuil na cumais Ghaeilge is gá chuige sin acu. **(laistigh de 6 mhí ó thosach feidhme na scéime)**



## 4.7 Foilseacháin

Déanfar an chéad eagrán eile de Lámhleabhar Saorála Faisnéise (Alt 15 ⁊ 16) na Roinne a fhoilsiú i nGaeilge agus i mBéarla. **(faoi dheireadh bhliain 2 den scéim)**

## 4.8 Oifig Scrúdóir Scannán na hÉireann

Déanfar Ceadúnas Miondíola Oifig Scrúdóir Scannán na hÉireann, mar aon leis an bhFoirm Iarratais ghaolmhar, agus an chuid 'Oiriúnach lena Bhreathnú' de lipéid fhíseán/dioscaí digiteacha ilúsáide a chur amach i bhformáid dhátheangach. **(faoi dheireadh na scéime)**

## 4.9 An Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla

Riarann an Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla Scéim Chúitimh i leith Díobhálacha Pearsanta a Dhéantar go Coiriúil. Tá an Scéim sin faoi athbhreithniú faoi láthair. Más rud é go ndéanfar athruithe, déanfar an Scéim athbhreithnithe a fhoilsiú go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla. Más rud é nach molfar aon athruithe, déanfar leagan Gaeilge den Scéim atá ann faoi láthair a fhoilsiú. Tá beartaithe freisin leagan Gaeilge d'fhoirm iarratais na Scéime a fhoilsiú i gcomhthráth leis an Scéim athbhreithnithe nó leis an leagan Gaeilge den Scéim atá ann faoi láthair. **(faoi dheireadh bhliain 2 den scéim)**

## 4.10 Stáiseanóireacht


Déanfar tagairt shonrach d'fháilte a bheith roimh Ghaeilge a chur isteach i stáiseanóireacht nua, m.sh. 'Cuirfear fáilte roimh chomhfhreagras i nGaeilge'. **(a luaithe a bheidh stáiseanóireacht nua ag teastáil, deartha agus faighte tar éis thosach feidhme na scéime)**

## 4.11 Córais Ríomhaireachta

Is féidir leis an gcuid is mó de chórais teicneolaíochta faisnéise na Roinne agus na gComhlachtaí Comhbhainteacha sonraí i dtacar carachtar na Gaeilge a choinneáil. Beidh de bheartas ag an Roinn agus ag na Comhlachtaí Comhbhainteacha a chinntiú go mbeidh córais iomchuí teicneolaíochta faisnéise comhoiriúnach don Ghaeilge nuair a bheidh nuashonruithe córas á mbreithniú acu, más féidir, agus gan dochar a dhéanamh don leibhéal reatha seirbhísí atá ar fáil. **(laistigh de 6 mhí ó thosach feidhme na scéime)**

## 4.12 Láithreán Gréasáin

Tá láithreán gréasáin na Roinne ag dul faoi phróiseas athdheartha faoi láthair. Cé



gur féidir leis an leagan reatha den láithreán gréasáin ábhar Gaeilge a óstáil, tá sé réasúnta tearc in ábhar Gaeilge. Faoi réir aon chuntar a fhéadfaidh a bheith áit eile sa doiciméad seo, tá beartaithe go ndéanfaidh láithreán gréasáin athsheolta na Roinne i bhfad níos mó ábhair dhátheangaigh a óstáil. Maidir leis an láithreán gréasáin athsheolta:

- ar dháta an athsheolta, beidh an leagan Gaeilge ann de phríomh-cheannteidil na leathanach éagsúil ar an láithreán, mar aon le cuid den ábhar statach atá ar fáil cheana féin ar an leagan reatha den láithreán; **(ó athsheoladh an láithreáin gréasáin)**
- déanfar é a phobalú le leagan dátheangach den ábhar statach nua go léir a thaispeánfar ar an láithreán tar éis a athsheolta; **(ó athsheoladh an láithreáin gréasáin)**
- ar bhonn incriminteach, déanfar é a phobalú leis an leagan Gaeilge d'aon ábhar statach Béarla a bheidh gan aistriú; **(ag tosú laistigh de 3 mhí ó athsheoladh an láithreáin gréasáin)** agus
- ar bhonn incriminteach, déanfar foirmeacha atá ceaptha lena n-úsáid ag an bpobal i gcoitinne a chur ar fáil i nGaeilge air. **(ag tosú laistigh de 3 mhí ó athsheoladh an láithreáin gréasáin)**

## 4.13 Preaseisiúintí


Is i mBéarla amháin a eisítear formhór mór na bpreaseisiúintí faoi láthair. Is minic a bhíonn ar an Roinn ráitis a eisiúint go tapa de dhroim eachtraí gan choinne agus bheadh moill i gceist ag eisiúint ráiteas dátheangach comhuaineach. Faoi dheireadh na scéime gabhann an Roinn uirthi féin 10% dá preaseisiúintí a chur ar fáil i nGaeilge. Le linn cinneadh a dhéanamh faoi na preaseisiúintí is ceart a áireamh sa 10% sin, tabharfar tús áite do na preaseisiúintí a bhaineann le saincheisteanna maidir le limistéir Ghaeltachta agus leis an nGaeilge. **(faoi dheireadh na scéime)**

## 4.14 Rialacha Cúirte

Faoi dheireadh na scéime seo tá sé i gceist go mbeidh aistriúchán Gaeilge foilsithe ar na leasuithe go léir ar na Rialacha Cúirte Dúiche, 1997, ar Rialacha na Cúirte Cuarda, 2001, mar aon leis na leasuithe ar na Rialacha sin, agus ar Rialacha na nUaschúirteanna, 1986, mar aon leis na leasuithe ar na Rialacha sin. Cuirfear ar fáil go leictreonach iad, freisin, ar láithreán gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna, *www.courts.ie*. **(faoi dheireadh na scéime)**

## 4.15 Ionstraimí Reachtúla

Tosóidh an Roinn ar chóipeanna dátheangacha d'Ionstraimí Reachtúla nua a aistríonn sí a chur ar a láithreán gréasáin, *www.justice.ie*. **(laistigh de mhí ó sheoladh láithreán gréasáin nua na Roinne nó laistigh de mhí ó thosach feidhme na scéime, cibé dáta acusan is déanaí)**



Tosóidh an Roinn, freisin, ar chóipeanna dátheangacha d'Ionstraimí Reachtúla a d'aistrigh sí ó 2004 i leith a chur ar a láithreán gréasáin, www.justice.ie. **(laistigh de mhí ó sheoladh láithreán gréasáin nua na Roinne nó laistigh de mhí ó thosach feidhme na scéime, cibé dáta acusan is déanaí)**

### 4.16 Tríú Páirtithe

Cuirfear an scéim in iúl do thríú páirtithe a bheidh ag obair don Roinn, más iomchuí, agus spreagfar iad chun spiorad na scéime a léiriú sna seirbhísí a bheidh á gcur ar fáil acu. **(laistigh de 3 mhí ó thosach feidhme na scéime)**

### 4.17 Seirbhísí Aistriúcháin

Beidh de bheartas ag an Roinn, nuair a bheidh aistritheoirí ó lasmuigh á bhfostú aici, tús áite a thabhairt d'aistritheoirí creidiúnaithe. Déanfaidh an Roinn liosta d'aistritheoirí a bheidh creidiúnaithe ag Foras na Gaeilge, a cheap an scéim chreidiúnaithe ar ordú na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, a chur ar fáil don fhoireann. **(ó thosach feidhme na scéime nó laistigh de mhí ón liosta a bheith ar fáil don Roinn, cibé dáta acusan is déanaí)**


### 4.18 Seirbhísí do Limistéir Ghaeltachta

Mura n-iarrtar nó mura léirítear a mhalairt, cuirfidh an Roinn seirbhís trí Ghaeilge ar fáil do dhaoine den phobal i gcoitinne i limistéir Ghaeltachta. **(laistigh de 3 mhí ó thosach feidhme na scéime)**

Mura n-iarrtar nó mura léirítear a mhalairt, cuirfidh na Comhlachtaí Comhbhainteacha seirbhís trí Ghaeilge ar fáil do dhaoine den phobal i gcoitinne i limistéir Ghaeltachta. **(faoi dheireadh na scéime)**

### 4.19 Logainmneacha Gaeltachta

Úsáidfidh an Roinn logainmneacha oifigiúla na limistéar Gaeltachta, arna ndearbhú ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, i gcumarsáidí leis an bpobal i gcoitinne, ach amháin más rud é go bhféadfaidh go mbeidh na logainmneacha sin éagsúil leis na seoltaí ar chomhfhreagras arna fháil ag an Roinn agus ag na Comhlachtaí Comhbhainteacha, agus leis na seoltaí sna comhaid. **(ó thosach feidhme na scéime)**



Caibidil 5


# Faireachán agus Athbhreithniú

Coinneoidh an Coiste Comhairleach Bainistíochta (CCB) laistigh den Roinn oibriú éifeachtach na scéime faoi athbhreithniú.

Is bainisteoirí i ngach Rannán líne agus sna Comhlachtaí Comhbhainteacha a bheidh freagrach as an scéim a chur i ngníomh laistigh dá réimsí féin, go príomha, a dhéanfaidh an fheidhm fhaireacháin ó lá go lá a chur i gcrích, agus tuairisceoidh na bainisteoirí sin go rialta dá Rúnaí Cúnta.

Caibidil 6

# An Scéim Chomhaontaithe a Phoibliú



Déanfar ábhar na scéime seo, mar aon le gealltanais agus forálacha na scéime, a phoibliú ar na modhanna seo a leanas:

- Preaseisiúint;
- Seoladh oifigiúil na scéime;
- Fógraíocht phoiblí maidir leis an scéim a bheith ar fáil;
- Scaipeadh ar na gníomhaireachtaí agus na comhlachtaí cuí;
- Láithreán Gréasáin na Roinne; agus
- ‘Fáinne’ na Roinne.

Tá cóip den scéim curtha ar aghaidh go dtí Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla. Déanfar cóipeanna den scéim a thabhairt freisin do na daoine/na heagraíochtaí sin a chuir aighneachtaí ar aghaidh chuig an Roinn, lena n-áirítear Conradh na Gaeilge agus Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge.

Foscríbhinn

# 'Fáinne' na Roinne – Dearadh



Méid iarbhír: trastomhas 20mm